C/2024/3415

3.6.2024

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2023 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CÉ

(C/2024/3415)

1. RÉAMHRÁ

In 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Cinneadh (AE) 2015/1814 ([1]) ('an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh') i ndáil le Cúlchiste Cobhsaíochta Margaidh a chruthú mar chuid de Chóras Trádála Astaíochtaí (CTA) an Aontais a cuireadh ar bun le Treoir 2003/87/CE ([2]) ('Treoir CTA'). Is é is cuspóir don chúlchiste barrachas struchtúrach lamháltas ar mhargadh carbóin an Aontais a sheachaint. Is é an riosca breise a ghabhann leis sin go gcuireann an barrachas cosc ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) an comhartha infheistíochta a thabhairt uaidh a bhfuil gá leis chun sprioc laghdaithe astaíochtaí am Aontais a bhaint amach go costéifeachtach. Is é is aidhm dó freisin acmhainn CTA AE in aghaidh míchothromaíochta i ndáil le soláthar agus éileamh a threisiú, rud a chuideoidh le feidhmiú níos rianúla mhargadh carbóin an Aontais. Cuireadh tús le hoibriú an chúlchiste i mí Eanáir 2019.

Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, chun críocha an chúlchiste, déanann an Coimisiún líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh na bliana roimhe sin a fhoilsiú gach bliain. Is leis an bhfigiúr sin a chinntear cé acu a dhéantar lamháltais a tharraingt siar ón méid ceantála agus a chur sa chúlchiste nó iad a scaoileadh ón gcúlchiste agus a chur ar ceant. Dá bhrí sin, gné thábhachtach den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus de CTA AE is ea foilsiú bliantúil líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht.

An 15 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh 2022, líon dar méid 1 134 794 738 ([3]). Dá réir sin, bhí 272 350 737 lamháltas le cur sa chúlchiste ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Ba é 2 515 135 787 an líon lamháltas san iomlán a neamhbhailíochtadh an 1 Eanáir 2023.

Is éard atá sa Teachtaireacht seo an t-ochtú foilsiú de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht, agus baineann sí leis an mbliain 2023. Sonraítear inti an ríomh foluiteach agus an líon lamháltas a chuirfear sa chúlchiste ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025. Tugtar le fios inti freisin an líon lamháltas sa chúlchiste a neamhbhailíochtadh an 1 Eanáir 2024.

Dírítear aird sa Teachtaireacht ar athruithe móra a rinneadh ar oibriú Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, athruithe a tugadh isteach faoin bpacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' – mar chuid de na hathbhreithnithe a rinneadh ar an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ([4]) agus ar Threoir CTA ([5]) – chomh maith le hathruithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/435 ([6]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an ngéarchéim fuinnimh.

([1]) Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a oibriú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

([2]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

([3]) C/2023/2929 - Teachtaireacht ón gCoimisiún - Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2022 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE (IO C 172, 15.5.2023, lch. 1).

([4]) Cinneadh (AE) 2023/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le líon na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030 (IO L 110, 25.4.2023, lch. 21).

([5]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

2. FEIDHMIÚ CHÚLCHISTE COBHSAÍOCHTA AN MHARGAIDH

Feidhmíonn Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh go huathoibríoch nuair atá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht lasmuigh den raon sonraithe. Déantar lamháltais a tharraingt siar ón méid ceantála agus a chur sa chúlchiste i gcás inarb airde líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht ná an tairseach de 833 mhilliún. Socraítear ráta iontógála an chúlchiste ag 24 % de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht nuair is airde an líon sin ná 1 096 mhilliún. Nuair atá líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht idir 833 mhilliún agus 1 096 mhilliún, is é atá san iontógáil an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 833 mhilliún. Más ísle líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht ná an tairseach de 400 milliún, scaoiltear 100 milliún lamháltas ón gcúlchiste agus cuirtear ar ceant iad. Le linn thréimhse 12 mhí, cuirtear lamháltais sa chúlchiste, sin nó scaoiltear iad ón gcúlchiste. Ó 2023 ar aghaidh, aon lamháltais a choinnítear sa chúlchiste atá os cionn na tairsí de 400 milliún, níl siad bailí a thuilleadh.

Faoi Airteagal 1(5) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh agus i gcomhréir leis an Teachtaireacht seo, déanfar 24 % de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an 31 Nollaig 2023, sin nó an difríocht idir líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus 833 mhilliún, a chur sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí dar tús an 1 Meán Fómhair 2024. Bainfear líon comhfhreagrach lamháltas de mhéideanna ceantála Bhallstáit an Aontais, de na trí thír i gComhlachas Saorthrádála na hEorpa – an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch – an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.– mar aon leis an Ríocht Aontaithe, le haghaidh giniúint leictreachais i dTuaisceart Éireann. Bainfear iad sin i gcomhréir le sciartha ceantála gach ceann de na tíortha sin.

Faoi Airteagal 1(5) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, go dtí an 31 Nollaig 2030, aon lamháltais a dháilfear chun críoch dlúthpháirtíochta agus fáis in CTA AE ([7]), ní áireofar iad i ríomh na sciartha ábhartha chun críocha an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

Le Rialachán REPowerEU leasaítear Treoir CTA chun maolú ar Airteagal 1(5a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh trí 27 milliún de lamháltais gan leithdháileadh sa Chinneadh sin a úsáid le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht. Dhéanfaí iad sin a bhaint de mhéid iomlán na lamháltas gan leithdháileadh, ar lamháltais iad a neamhbhailíochtófaí murach sin le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2030. An leasú sin, bhí feidhm aige cheana féin sular neamhbhailíochtaíodh, an 1 Eanáir 2024, na lamháltais sin sa chúlchiste arbh airde iad ná tairseach de 400 milliún.

3. LÍON IOMLÁN NA LAMHÁLTAS I GCÚRSAÍOCHT

Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, is é a bheidh i líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht i mbliain ar leith *'líon carnach na lamháltas a eisíodh i ndáil le suiteálacha agus cuideachtaí loingseoireachta agus nár cuireadh sa chúlchiste sa tréimhse ón 1 Eanáir 2008 i leith, lena n-áirítear líon na lamháltas a eisíodh de bhun Airteagal 13(2) de Threoir 2003/87/CE, sa leagan a bhí i bhfeidhm an 18 Márta 2018, le linn na tréimhse sin agus teidlíochtaí chun creidmheasanna idirnáisiúnta arna bhfeidhmiú ag suiteálacha faoi CTA EU a úsáid, go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ar leith sin, lúide na tonaí carnacha astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha agus cuideachtaí loingseoireachta faoi CTA AE idir an 1 Eanáir 2008 agus an 31 Nollaig sa bhliain ar leith céanna sin, chomh maith le haon lamháltais a cealaíodh i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE.'*

I mbeagán focal, úsáidtear an fhoirmle arna tabhairt cothrom le dáta chun líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht atá ábhartha le haghaidh oibriú an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a ríomh:

Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht = Soláthar – Éileamh

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an dá eilimint den ríomh sa Teachtaireacht seo. Tugtar achoimre ar na figiúir uile ag deireadh an tábla.

Faoi Airteagal 1(4a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, áireofar i ríomh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh 2024 na lamháltais a eisíodh maidir le heitlíocht agus lamháltais eitlíochta fhíoraithe ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Faoi Threoir an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cumhdaítear le CTA AE astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iompair mhuirí ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, agus léireofar an soláthar agus an t-éileamh ó na cuideachtaí loingseoireachta i ríomh líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le haghaidh 2024.

([7]) Faoi Airteagal 10(2), pointe b de Threoir 2003/87/CE.

Soláthar

Áirítear leis an soláthar lamháltas ar mhargadh carbóin an Aontais na heilimintí seo a leanas:

— Lamháltais a cuireadh sa bhanc ([8]) ó chéim 2 de CTA AE (2008-2012), dar luach **1 749 540 826** ([9]).

— Lamháltais a leithdháileadh saor in aisce ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear na lamháltais a leithdháileadh ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua. Is é luach an mhéid sin **8 222 698 758** lamháltas ([10]).

— Lamháltais a cuireadh ar ceant ón 1 Eanáir 2013 ([11]) go dtí an 31 Nollaig 2023, agus lamháltais a úsáideadh chun críoch solúbthachta in 2021-2023 faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842 ([12]) ('an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill'). De réir tuarascálacha ceantanna ar an ardán ceantála coiteann agus ar na hardáin ceantála leithleacha ábhartha ([13]), bá é **7 591 181 500** méid na lamháltas a cuireadh ar ceant, lena n-áirítear 'ceantanna luatha'. Ní mór **21 641 364** de lamháltais a chur leis an méid sin faoin tsolúbthacht a leagtar amach in Airteagal 6(2) den Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ([14]).

— Lamháltais a gcuirtear luach airgid orthu le haghaidh chlár NER300. Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta luach airgid ar **300 000 000** lamháltas san iomlán.

— Creidmheasanna idirnáisiúnta arna bhfeidhmiú le haghaidh astaíochtaí go dtí an 31 Nollaig 2020 ([15]). D'úsáid suiteálacha **497 248 017** gcreidmheas idirnáisiúnta le haghaidh na n-astaíochtaí a ghin siad ([16]).

— Faoi Airteagal 1(4) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, **ní cuid de líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht a thuilleadh** iad lamháltais a cuireadh i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

([8]) Lamháltais a eisíodh le linn chéim 2 de CTA AE (2008-2012), nár tugadh suas chun astaíochtaí fíoraithe a chumhdach, nó a cealaíodh, cuireadh 'sa bhanc' iad lena n-úsáid ag tús chéim 3 de CTA AE (2013-2020). Scriosadh na hastaíochtaí sin agus, an tráth céanna, cruthaíodh líon comhionann lamháltas i gcéim 3. Dá bhrí sin, is léiriú é an líon sin ar líon cruinn na lamháltas CTA i gcúrsaíocht ag tús chéim 3 de CTA AE.

([9]) COM (2015) 576 - Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear an tuarascáil ar fheidhmiú mhargadh carbóin na hEorpa agus an tuarascáil ar an athbhreithniú ar Threoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin.

([10]) Bunaithe ar shliocht ó Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh an 1 Aibreán 2024.

([11]) Cuimsítear san fhigiúr sin 'ceantanna luatha', i.e. lamháltais a bhí bailí le haghaidh chéim 3 de CTA AE (2013-2020), a bhí curtha ar ceant roimh an 1 Eanáir 2013.

([12]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 IO L 156, 19.6.2018. lch. 26.

([13]) Tuarascálacha ceantanna: European Energy Exchange (EEX) agus Intercontinental Exchange (ICE).

([14]) Le Rialachán (AE) 2018/842 cruthaítear solúbthacht aonuaire lena ligtear do na Ballstáit suas le huasmhéid 100 milliún lamháltas CTA AE a chealú go carnach sa tréimhse 2021-2030, ionas gur féidir leo a spriocanna féin maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha faoin Rialachán sin a chomhlíonadh. Baineann an tsolúbthacht le Ballstáit a bhfuil spriocanna acu arb airde go mór iad ná an meán san Aontas agus a n-acmhainn chun laghduithe costéifeachtacha a dhéanamh, agus baineann sí freisin le Ballstáit nár leithdháil aon lamháltais saor in aisce CTA AE do shuiteálacha tionsclaíocha in 2013. Déantar cealú as méid ceantála an Bhallstáit lena mbaineann faoi Airteagal 10 de Threoir 2003/87/CE. Agus líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht á chinneadh chun críocha Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh i mbliain ar leith, meastar gur lamháltais CTA AE i gcúrsaíocht iad lamháltais chealaithe.

([15]) Ní féidir creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh comhlíonta i gcéim 4 de CTA AE (2021-2030).

([16]) Bunaithe ar shliocht ó Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh an 1 Aibreán 2024. Na creidmheasanna idirnáisiúnta sin, ní bhaineann siad ach amháin leis na cinn a malartaíodh ar lamháltais de chuid an Aontais i gcéim 3 de CTA AE (2013-2020). Léirítear i líon na lamháltas a cuireadh sa bhanc ó chéim 2 thart ar 1.1 billiún creidmheas idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a úsáid go díreach chun críoch comhlíonta i gcéim 2 de CTA AE (2008-2012).

Éileamh

An t-éileamh ar lamháltais ar mhargadh carbóin an Aontais, cuimsítear leis iomlán na n-astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha ón 1 Eanáir 2013 ([17]) go dtí an 31 Nollaig 2023, iomlán dar luach **17 269 905 658** tona ([18]), agus **668 272**lamháltas a cealaíodh le linn na tréimhse sin faoi Airteagal 12(4)de Threoir CTA.

Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht

Bunaithe ar an méid thuas, is é **1 111 736 535** líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2023.

Sealúchais Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh

Tar éis neamhbhailíochtú lamháltas an 1 Eanáir 2023, bhí 486 087 000 lamháltas fágtha sa chúlchiste.

I gcomhréir leis na teachtaireachtaí faoi líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht le blianta beaga anuas, cuireadh na méideanna lamháltas seo a leanas sa chúlchiste:

— **231 874 266** lamháltas ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2023 ([19]);

— **231 874 266** lamháltas ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 ([20]);

An 31 Nollaig 2023, bhí **808 744 844** lamháltas i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Cuireadh 27 milliún lamháltas i leataobh ón méid sin le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht faoi Airteagal 10e(4) de Threoir CTA.

An 1 Eanáir 2024, rinneadh **381 744 844** de na lamháltais sin a neamhbhailíochtú faoi Airteagal 1(5a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Is é **400 000 000** lamháltas atá sna sealúchais atá fágtha sa mhéid cúlchiste.

4. **CONCLÚID**

I gcomhréir leis an gCinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cuirfear **266 816 768** lamháltas san iomlán i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh thar thréimhse 12 mhí ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025.

Le foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht an bhliain seo chugainn chun críocha an Chinnidh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, cinnfear oibriú an chúlchiste ó mhí Mheán Fómhair 2025 go dtí mí Lúnasa 2026.

([17]) A chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí fíoraithe sa tréimhse 2008-2012 (céim 2), féach fonóta 8.

([18]) Tá iomlán na n-astaíochtaí fíoraithe bunaithe ar na sonraí a tógadh ó Loga Beartaíochta an Aontais Eorpaigh an 1 Aibreán 2024. Áirítear san fhigiúr sin astaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh faoin 31 Márta 2024 – an sprioc-am maidir le tuairisciú in CTA AE Astaíochtaí a thuairiscítear i ndiaidh an dáta sin, ní léirítear san iomlán iad.

([19]) C/2023/2780 - Teachtaireacht ón gCoimisiún - Foilsiú líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht in 2021 chun críocha Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais arna bhunú le Treoir 2003/87/CE agus foilsiú líon na lamháltas gan leithdháileadh le linn na tréimhse 2013-2020 2022/C 195/02 (IO C 195, 13.5.2022, lch. 2). Ceartúchán ar an Teachtaireacht – C(2022) 4874. De réir mar a chinntear i bpointe 5 den Teachtaireacht seo, bheadh 347 811 404 lamháltas le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023. Ba é 231 874 266 an méid a chomhfhreagair don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Lúnasa 2023.

([20]) C/2023/2929, mar a luadh thuas. De réir mar a chinntear i bpointe 4 den Teachtaireacht seo, bheadh 272 350 737 lamháltas le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2024. Ba é 90 783 578 an méid a chomhfhreagair don tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2023.

FORBHREATHNÚ

Soláthar	
a) Lamháltais a cuireadh sa bhanc ó chéim 2 (2008-2012)	1 749 540 826
b) Lamháltais a leithdháileadh saor in aisce ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear lamháltais ón gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua	8 222 698 758
c) Lamháltais a cuireadh ar ceant ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023, lena n-áirítear ceantanna luatha	7 591 181 500
d) Lamháltais a úsáideadh chun críoch solúbthachta in 2021-2023 faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/842	21 641 364
e) Lamháltais ar cuireadh luach airgid orthu le haghaidh chlár NER300	300 000 000
f) Creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáideadh le haghaidh astaíochtaí go dtí an 31 Nollaig 2020	497 248 017
Lánsuim (soláthar)	18 382 310 465
Éileamh	
a) Astaíochtaí fíoraithe (i dtonaí) ó shuiteálacha do-aistrithe faoi CTA AE ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2023.	17 269 905 658
b) Lamháltais a cealaíodh faoi Airteagal 12(4) de Threoir 2003/87/CE go dtí an 31 Nollaig 2023	668 272
Lánsuim (éileamh)	17 270 573 930
Líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht	1 111 736 535

Sealúchais Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh	
Lamháltais Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh an 31 Nollaig 2023	808 744 844
Lamháltais a cuireadh i leataobh le haghaidh an Chiste don Nuálaíocht faoi Airteagal 10e(4) de Threoir 2003/87/CE	27 000 000
Lamháltais a neamhbhailíochtaíodh an 1 Eanáir 2024	381 744 844
Lamháltais i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh an 1 Eanáir 2024	400 000 000